Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — COVID-19: "Ról na sochaí sibhialta in atógáil agus athléimneacht an réigiúin Eora-Mheánmhara"

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 140/03)

Rapóirtéir: **Angelo PAGLIARA**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.3.2021
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	20.12.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	24.1.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	575
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	183/0/5

1. **Réamhrá**

1.1. Is crua an buille don réigiún Eora-Mheánmhara a bhí i ngéarchéim na paindéime, buille a chuir barr donais ar na fadhbanna a bhí ann cheana, rud a d'fhág go raibh dúshláin nua ann anuas ar na seandúshláin eile. Is dócha gur méadú éagothromaíochta an iarmhairt shocheacnamaíoch a bheidh air sin, go háirithe sna tíortha ar lag a gcóras eacnamaíocha agus a gcóras táirgeachta.

1.2. Is éard a cinneadh leis an gCoiste Leantach Euromed CESE díriú ar ról na sochaí sibhialta san atógáil agus san athléimneacht sa réigiún Eora-Mheánmhara.

1.3. Bhí lámh ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta ón réigiún Eora-Mheánmhara agus ó chomhairlí eacnamaíocha agus sóisialta tíortha éagsúla eile i ndréachtú na tuarascála. Rinne Comhairle Eacnamaíoch, Shóisialta agus Comhshaoil Mharacó Cruinniú Mullaigh Euromed 2021 a chomh-óstáil, agus tá dlúthchomhar ar leith ann idir an Coiste agus an Chomhairle sin.

1.4. Dá bhrí sin, tá breisluach tábhachtach ag dul leis an tuarascáil faisnéise seo, a bhuíochas sin le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ar dhá bhruach na Meánmhara.

1.5. Maidir leis an tuarascáil seo, is éard atá ann comhlánú ar thuarascálacha faisnéise a bhí ann roimhe seo maidir le hOideachas agus gairmoiliúint sa réigiún Eora-Mheánmhara, Digiteáil agus FBManna i réigiún na Meánmhara agus Forbairt Inbhuanaithe i réigiún na Meánmhara ([1]).

2. **Conclúidí**

2.1. Thug an tsochaí shibhialta ar fud an domhain freagairt don phaindéim láithreach bonn, ag obair dóibh i mbéal an chatha agus ag cuidiú agus ag cabhrú leis an bpobal. Sa limistéar Eora-Mheánmhara freisin, is ríthábhachtach an ról a bhí ag an tsochaí shibhialta chun éifeachtaí díobhálacha COVID-19 a mhaolú.

2.2. Thug eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa réigiún Eora-Mheánmhara tacaíocht do ghníomhaíochtaí rialtais leis na seirbhísí riachtanacha agus trí bhíthin an chúraim sláinte a chuir siad ar fáil; rinne siad trealamh cosanta pearsanta a dháileadh, agus chuidigh siad le faisnéis thábhachtach a scaipeadh, go háirithe sna ceantair iargúlta. Is ríthábhachtach an obair atá á déanamh acu freisin chun tionchar na paindéime ar na haicmí is leochailí sa tsochaí a mhaolú, na mná agus na daoine óga, cuir i gcás, mar aon leis na hinimircigh agus leo siúd atá faoi mhíchumas.

([1]) Is comhlánú atá sa tuarascáil faisnéise seo freisin ar thuairimí de chuid CESE a foilsíodh le déanaí, go mór mór: Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (COM(2020) 408 final – 2020/0104 (COD)) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Teicniúil (COM(2020) 409 final – 2020/0103 (COD)) (IO C 364, 28.10.2020, lch. 132); ECO/515, Rialachán maidir leis an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil); Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le "Éigeandáil iar-COVID 19: Maitrís Iltaobhach Nua a dhearadh" (Tuairim féintionscnaimh) (IO C 364, 28.10.2020, lch. 53).

2.3. Is daingniú dlúthpháirtíochta sa réigiún Eora-Mheánmhara a bhí i rannpháirtíocht na sochaí sibhialta. Bhí lámh ag eagraíochtaí go leor de chuid na sochaí sibhialta i gComharsanacht an Deiscirt i mbunú na ngrúpaí dlúthpháirtíochta sibhialta, i dtástáil na modheolaíochtaí nuálacha. Chuir siad dlús leis an obair faisnéise agus leis an obair chomhordúcháin ar líne a bhíonn á déanamh acu.

2.4. Creideann CESE go láidir nach féidir téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta atá cothrom agus cóir a bhaint amach ach amháin trí rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus trí eagraíochtaí na sochaí sibhialta, na hearnála príobháidí agus, go háirithe, na FBManna. Téarnamh limistéar na Meánmhara agus forbairt na samhlacha socheacnamaíocha inbhuanaithe athléimneacha, is nithe iad sin a chaithfear a bhunú ar phrionsabail mar urraim don smacht reachta, cosaint luachanna an daonlathais, cearta sóisialta agus cearta an duine, cur chun feidhme chroíchoinbhinsiúin EIS, agus gealltanas i leith aimsiú sprioc na forbartha inbhuanaithe, sin agus sprioc na haeráidneodrachta.

2.5. Is díol sásaimh do CESE gur glacadh an Clár Oibre nua le haghaidh na Meánmhara, agus leagann sé béim ar an ngá atá le gach beart chun tacú leis an téarnamh chun freastal ar dhá aidhm mar atá an fhorbairt agus feabhsú shaol na ndaoine sa réigiún.

2.6. Roinnt de na dúshláin shóisialta agus pholaitiúla, mar aon le dúshláin chomhshaoil, gheopholaitiúla agus inimirce, is dúshláin iad atá cnuasaithe i gceantar na Meánmhara, dúshláin mhóra ní hamháin don Eoraip ach don domhan ina iomláine. Creideann CESE nach féidir dul i ngleic leis na dúshláin ilghnéitheacha atá ag dul i ngéire sa limistéar ach amháin trí iltaobhachas athnuaite éifeachtach a mbeidh an tAontas Eorpach ag tacú leis.

2.7. Tá an t-athrú aeráide ag dul i gcion ar limistéar na Meánmhara freisin: tá an talamh ag dul chun tirimeachta ann, tá ganntanas uisce ann, agus tá an teocht ag ardú ann. An ghéarchéim atá ann faoi láthair, is maith a chuir sí ar ár súile dúinn gur gá an athléimneacht choiteann a neartú agus comhoibriú a dhéanamh ar bhealaí nua i réimse an chomhshaoil agus i réimse na digiteála. Measann CESE gurbh úsáideach an rud a bheadh ann, go mór mór i bhfianaise fheasacht mhéadaithe na sochaí sibhialta, agus trí rannpháirtíocht mhéadaithe na ngeallsealbhóirí, tionscnaimh mar WestMED a leathnú agus a threisiú ionas go gcuideoidís leis na spriocanna aeráide agus comhshaoil a aimsiú trí shamhlacha an gheilleagair ghoirm a dhíreodh ar chruthú post agus ar chosaint an éiceachórais agus na héagsúlachta.

2.8. Tá sé deich mbliana ó bhí Earrach na nArabach ann, agus tá athnuachan déanta ag an Aontas Eorpach ar an straitéis chomhair atá aige i gcomharsanacht na Meánmhara. I ndáil leis sin, measann CESE gur ionstraim thábhachtach é an Clár Oibre nua i gcomhair na Meánmhara le haghaidh théarnamh sóisialta agus eacnamaíoch an réigiúin i ndiaidh COVID-19. Ní mór an gealltanas comhpháirtíochta athnuaite a bheith nasctha go dlúth ní hamháin le dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta, ach le dúshláin chomhshaoil, dhéimeagrafacha agus inimirce freisin, ach dul chun cinn agus luachanna bunaidh an Aontais a bheith á n-urramú go hiomlán san am céanna aige. In áiteanna go leor ar fud an réigiúin, is beag teacht aniar a bhí sna córais sláinte, agus is mór an promhadh orthu géarchéim na paindéime, promhadh a d'fhéadfadh cur isteach ar an gcobhsaíocht pholaitiúil chomh maith.

2.9. I gcláir téarnaimh agus atógála limistéar na Meánmhara, ba cheart béim ar leith a leagan ar théarnamh tapa in earnáil na turasóireachta agus go háirithe ar théarnamh na bhfiontar beag agus meánmhéide a fhostaíonn níos mó ná leath na bhfostaithe san Aontas. Dá mairfeadh tionchar na géarchéime i bhfad, agus dá mairfeadh an dífhostaíocht struchtúrach, go háirithe i measc na n-óg agus i measc na mban, is tromchúiseach na hiarmhairtí sóisialta a bheadh air.

2.10. Tá tábhacht ar leith le forbairt an chaipitil dhaonna atá sa lucht saothair ionas go dtiocfaidh forbairt inbhuanaithe ar chomhpháirtithe an Aontais i gceantar na Meánmhara. Ba cheart an oiliúint foirne a chur chun cinn, go háirithe in earnáil na turasóireachta. Thairis sin, tugann CESE dá aire gur constaic mhór í fadhb "imirce daoine oilte" ó thíortha comhpháirtíochta an deiscirt go dtí na tíortha tionsclaithe ardfhorbartha, go háirithe i ndáil le claochlú digiteach an gheilleagair sna tíortha úd. Dá bhrí sin, ba cheart do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh cead oibre gearrthéarmach agus meántéarmach a éascú san Aontas d'oibrithe féinfhostaithe agus d'fhostaithe araon, go háirithe san earnáil TF. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún tacú le tionscadail dhigiteacha a chur chun feidhme i dtíortha comhpháirtíochta ionas go bhfaighidh teicneoirí TF go háirithe deiseanna maithe fostaíochta ina dtír féin.

2.11. Bainfidh an tAontas úsáid as na hionstraimí agus na cláir chomhair atá ann cheana chun an t-idirphlé le Comharsanacht an Deiscirt a neartú. Molann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an rannpháirtíocht is leithne is féidir d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus is trí idirphlé cuimsitheach sóisialta agus sibhialta ar gach leibhéal a dhéanfar sin. Cuirtear san áireamh saintréithe agus róil shonracha na ngníomhaithe éagsúla lena mbaineann agus lena leagtar béim ar an méid a chuireann siad le ceapadh agus le cur chun feidhme na mbeartas agus na mbeart is gá chun tionchar na n-athruithe agus na ngéarchéimeanna atá ann faoi láthair a bhainistiú, éifeachtaí an athraithe aeráide ar an gcéad rud.

2.12. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar OTI *per capita* i dtíortha go leor i gComharsanacht an Deiscirt, agus meastar go mbeidh dúshláin mhóra ann dóibh le dul i ngleic leis an méadú ar na rioscaí sóisialta, mar aon leis na rioscaí eacnamaíocha agus baol na bochtaineachta. Dá bhrí sin, tá pleananna atógála eacnamaíocha agus airgeadais ag teastáil, pleananna a mbeidh bearta san áireamh iontu le tabhairt faoin easpa slándála sóisialta, easpa atá ag dul in olcas.

2.13. An téarnamh eacnamaíoch atá i ndán do thíortha go leor i gcomharsanacht na Meánmhara, is rud é atá ag brath go mór feachtas cuí vacsaínithe a mbeadh éifeacht leis. Dá réir sin, is é moladh atá ag CESE COVAX a neartú, agus an tacaíocht lóistíochta agus soláthair is mó is féidir a fháil ó na hinstitiúidí Eorpacha, trí chomhaontuithe déthaobhacha freisin. Tá CESE á chur i bhfáth go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach tacú le tíortha comhpháirtíochta ó dheas den Mheánmhuir chun saoráidí táirgthe féinchinntithe a bhunú le haghaidh vacsaíní agus táirgí leighis ina dtír féin. Sa chomhthéacs sin, iarrann sé arís eile go ndéanfaí ceist na bpaitinní vacsaíní agus na dtáirgí leighis a phlé ar bhealach fiúntach chun dul i ngleic le paindéimí.

2.14. Creideann CESE gur rud ríthábhachtach a bheidh i rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta sa téarnamh iar-COVID-19 chun spriocanna éagsúla a aimsiú, saol na ndaoine a fheabhsú, mar shampla, sin agus samhail nua den fhorbairt inbhuanaithe a thabhairt chun cinn. Dá bhrí sin, iarrann sí ar na hinstitiúidí Eorpacha, faoi choimirce na comhpháirtíochta le Comharsanacht an Deiscirt, na hionstraimí uile a athneartú ionas go mbeidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach iontu.

2.15. Tá eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar thús cadhnaíochta sa tacaíocht atá á tabhairt don fhreagairt sláinte agus shóisialta ar an bpaindéim, agus is amhlaidh ba chúnamh a gcuid rannpháirtíochta praiticiúla le drochiarmhairtí sóisialta agus sláinte an phobail a mhaolú. Mar sin féin, faoi mar a chuir CESE in iúl cheana, an cumas atá iontu le freagairt do riachtanais na sochaí, is rud é ag múnlaithe ag an saol féin, ós minic teorainn leis na acmhainní atá ann, agus ós ag tuile agus ag trá a bhíonn soláthar na n-acmhainní sin. Is cinnte dar le CESE gur gá sásraí tacaíochta d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú. Is gá sin, ar rud amháin, chun cosaint níos fearr a thabhairt do na grúpaí is leochailí atá buailte ag an bpaindéim, daoine óga, mná, imircigh agus daoine faoi mhíchumas, cuir i gcás.

2.16. Tá CESE ag iarraidh ar na hinstitiúidí Eorpacha tuilleadh díchill a dhéanamh chun tacú leis an tsíocháin, le tíortha daonlathacha, agus leis an urraim do chearta an duine sna limistéir choinbhleachta i gcomharsanacht na Meánmhara. Tá saol na ndaoine sna limistéir choinbhleachta imithe in olcas de dheasca na paindéime, agus ní gan dícheall mór a fhéadfar a chinntiú go gcuirfear plean síochána cuimsitheach i bhfeidhm.

2.17. I bhfianaise a dheacra atá an téarnaimh i ndiaidh ghéarchéim na paindéime, is rud í an chaibidlíocht trádála idir an tAontas agus Maracó agus an Túinéis atá ag dul i dtábhacht. Is fíor sin freisin i gcás na caibidlíochta atá á beartú leis an Iordáin. Ba cheart don Aontas breis suntais a thabhairt do na neamhshiméadrachtaí atá ann faoi láthair, agus ba cheart dó freastal go leordhóthanach ar na comhpháirtithe trádála deisceartacha atá aige. Tá CESE ag iarraidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach sna próisis chaibidlíochta ar bhealach ní b'fhearr, agus tá sé ag iarraidh go mbeadh bonn foirmiúil faoi na Conarthaí ionas go dtig leo rannchuidiú go dearfach leis an gcaidreamh trádála idir tíortha na comhpháirtíochta, thar gach ní eile chun cur chun feidhme chaibidlí éigeantacha inbhuanaitheachta na gcomhaontuithe trádála atá á mbeartú a áirithiú.

2.18. Rud eile, molann CESE go dtabharfaí freagracht do na ESSanna agus do na comhpháirtithe sóisialta, ní hamháin as na caibidlí inbhuanaitheachta ach as raon feidhme iomlán na gcomhaontuithe trádála agus infheistíochta chomh maith mar chuid dá gcuid rannpháirtíochta foirmiúla struchtúrtha.

2.19. Is éard atá CESE a dhéanamh ag athdhearbhú a thuairime gur cheart don Aontas díriú ar chuid dá chuid cistí um Chúnamh don Trádáil chun tacú le rannpháirtíocht ESS agus fothú acmhainneachta sna iarrachtaí inbhuanaithe trádála agus infheistíochta atá á ndéanamh aige.

2.20. San am atá caite, bhí CESE ag iarraidh go ndéanfaí neartú ar na scileanna digiteacha atá ag na daoine ar dhá bhruach na Meánmhara. Tar éis ghlacadh na straitéise nua don Mheánmhuir, agus d'fhonn atógáil a dhéanamh ar lorg na paindéime, is éard atá CESE a chur i bhfios gur gá borradh a chur faoin infheistíocht sa bhonneagar digiteach chomh maith le tacú le claochlú digiteach FBManna i spreagadh na fostaíochta agus i gcothú na forbartha sóisialta, rud lena n-áirítear trí rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, agus aitheantas á thabhairt aige d'fhéidearthacht na cómhargála agus an idirphlé shóisialta ar na leibhéil éagsúla.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Is measaide comharsanacht na Meánmhara géarchéim na paindéime. Tá sé 25 bliana ó rinneadh Dearbhú Barcelona, agus tá sé deich mbliana ó bhí Earrach na nArabach ann, ach is ollmhór na dúshláin atá le sárú i limistéar na Meánmhara fós. Is éard a chinn an tAontas Eorpach agus a chuid comhpháirtithe i réigiún na Meánmhara le déanaí an comhar a seoladh as an nua agus é a neartú tríd an gClár Oibre nua uaillmhianach don Mheánmhuir.

3.2. Sin rud a rinneadh ar an tuiscint nach féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha na todhchaí ar mhaithe leis an dá thaobh ach amháin ag obair dóibh as láimh a chéile agus sin á dhéanamh de mheon na comhpháirtíochta. Sa Chlár Oibre áirítear plean infheistíochta eacnamaíoch saincheaptha chun tacú le téarnamh socheacnamaíoch Chomharsanacht na Meánmhara sa tréimhse 2021-2027. Faoi mar a d'fhógair an tArdionadaí Josep Borrell, is amhlaidh atáthar ar aon sprioc le chéile: Comharsanacht an Deiscirt a thógáil ionas gur síochánta slán a bheidh sí, í níos daonlathaí, í níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, í níos rathúla agus níos cuimsithí ná mar atá sí faoi láthair.

3.3. Is staidéar é *Bridging the Sea* ([2]) a d'fhoilsigh Med Dialogue for Rights and Equality le déanaí, áit ar tháinig sé chun follais go raibh déileáil ag beagnach 63 % d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag feidhmiú i gComharsanacht an Deiscirt le saincheisteanna mar chomhdhlúthú an daonlathais agus na gceart, agus go raibh déileáil ag níos mó ná 53 % díobh, i measc nithe eile, le héagothromaíochtaí socheacnamaíocha. Is ag dul i dtábhacht atá a gcuid feasachta ar shaincheisteanna éiceolaíocha agus comhshaoil, mar aon leis an aird atá siad a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Deimhníonn na figiúirí sin go bhfuil bunchloch dhaingean ann, agus léiríonn siad gur gá tacaíocht a thabhairt don tsochaí shibhialta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na todhchaí ar bhealach níos éifeachtaí.

3.4. Tá méadú tagtha ar láithreacht na sochaí sibhialta i gComharsanacht an Deiscirt le fiche bliain anuas. Leis an gcur chuige gníomhach sin, bhíothas in ann na hiarmhairtí sóisialta agus sláinte don daonra a mhaolú, ach ag an am céanna tugadh chun suntais gur gá gníomhú chun feabhas a chur ar chumas feidhmithe agus ar scileanna na sochaí sibhialta ionas gur ag neartú a bheidh siad.

3.5. Tá suaitheadh mór eacnamaíoch agus sóisialta tarlaithe i limistéar na Meánmhara, ach oiread leis an gcuid eile den domhan, de dheasca phaindéim COVID-19. De dheasca easpa bonneagar sláinte poiblí leordhóthanach, go háirithe sna tíortha is leochailí, is measa fós na hiarmhairtí sóisialta agus sláinte atá ann. Chuir géarchéim na paindéime barr tromchúise ar na géarchéimeanna a bhí ann cheana i roinnt tíortha. Tosca éagsúla a tháinig sna sála ar a chéile ba chúis leis sin: conairí eacnamaíocha agus sóisialta a bhí an-ghuagach cheana féin; dífhostaíocht mhór, mar aon le hiarmhairtí na coinbhleachtaí i limistéir faoi leith, an Libia agus an tSiria, cuir i gcás.

3.6. D'fhreagair na rialtais atá i réigiún na Meánmhara don ghéarchéim láithreach bonn. Is iomaí cur chuige a bhí acu le freagairt a dhéanamh chun srian a chur le leathadh na paindéime trí bhearta tacaíochta a chur i bhfeidhm d'oibrithe agus do ghnólachtaí, bearta lena n-áirítear an comhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Mar sin féin, ba mhinic gan baint leordhóthanach acu leis an bpaindéim, agus i gcásanna áirithe ní raibh baint dá laghad acu léi. Chun srian a chur le héifeachtaí na paindéime, chuir beagnach gach tír i limistéar na Meánmhara an dianghlasáil i bhfeidhm, Maracó, mar shampla, an Éigipt, an Iordáin agus an Liobáin, mar aon le cuirfiúnna agus srianta taistil.

3.7. Tar éis ghéarchéim na paindéime, tá beartais leathnaithe curtha i bhfeidhm ag rialtais go leor sa réimse sin chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim eacnamaíoch agus chun tacú le hearnálacha áirithe tríd an táirgeadh a spreagadh agus trí shochair agus bearta cánach agus eacnamaíocha a thabhairt isteach chun infheistíocht a mhealladh

3.8. Is díobhálach na hiarmhairtí eacnamaíocha a lean den phaindéim ar fud réigiún na Meánmhara, ní hamháin mar gheall ar thosca mar laghdú ar an éileamh inmheánach agus seachtrach, mar aon le laghdú ar an tomhaltas, ach freisin de bharr staid an fhiachais airgeadais agus phoiblí a bheith ag dul in olcas. Ó thús ghéarchéim na paindéime i leith, tá acmhainní breise á leithdháileadh ag rialtais an réigiúin ar na córais sláinte agus eacnamaíocha chun tacú le hearnálacha áirithe. Mar thoradh air sin, tiocfaidh méadú suntasach ar na heasnaimh phoiblí i mbeagnach gach tír i réigiún na Meánmhara.

3.9. Tá earnáil an iompair buailte go dona ag na bearta sriantacha a chuir cosc nó laghdú ar an taisteal idirnáisiúnta, rud a fhágann go bhfuil an turasóireacht ar cheann de na hearnálacha is measa a ndeachaigh an phaindéim i gcion uirthi. An crapadh ar an earnáil, is rud idir 45 % agus 70 % atá i gceist leis, de réir mar a mheasann ECFE, agus tá laghdú idir 60 % agus 80 % tagtha ar an turasóireacht idirnáisiúnta ([3]). Tá an turasóireacht ar cheann de na príomhearnálacha eacnamaíocha i dtíortha na Meánmhara, agus de réir Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCAD), beidh an Éigipt agus Maracó i measc na dtíortha is measa a bheidh buailte de thíortha an domhain ([4]).

3.10. Na micrifhiontair, na fiontair bheaga agus mheánmhéide, mar aon le daoine féinfhostaithe, is gné thábhachtach de gheilleagar na dtíortha ar chósta an deiscirt iad sin ar fad. Tá laghdú suntasach tagtha ar a gcuid láimhdeachais, agus b'éigean don chuid is mó acu líon a gcuid fostaithe a laghdú. I ndáil leis sin, beidh gá le bearta struchtúracha chun cabhrú le FBManna teacht as an ngéarchéim agus chun fás agus nuáil a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt ar dhá dhúshlán na digiteála agus an dícharbónaithe.

([2]) https://meddialogue.eu/wp-content/uploads/2021/02/Publication-Bridging-the-Sea.pdf.
([3]) https://read.oecd-ilibrary.org/view/?ref=124_124984-7uf8nm95se&title=Covid-19_Tourism_Policy_Responses&_ga=2.143901749.1647750476.1622806508-1692148678.1622806341.
([4]) https://unctad.org/system/files/official-document/ditcinf2020d3_en.pdf.

3.11. Cé go bhfuil tionchar ag géarchéim na paindéime i réigiún na Meánmhara ar na grúpaí sóisialta ar fad, is iad seo a leanas na grúpaí is measa a buaileadh: daoine óga, mar gheall go bhfuil margadh an tsaothair ag dul in olcas, agus de bharr na mbeart dianghlasála sna scoileanna agus sna hollscoileanna; mná atá fostaithe i limistéir áirithe mar Chomharsanacht an Deiscirt, sa gheilleagar neamhfhoirmiúil, sa talmhaíocht agus in earnáil na turasóireachta go príomha, earnálacha a ndeachaigh na bearta dianghlasála chun aimhleasa dóibh go mór; grúpaí leochaileacha mar oibrithe neamhfhoirmiúla agus dídeanaithe, is é sin daoine gur minic dóibh gan aon chosaint shóisialta, mar aon le daoine faoi mhíchumas, mar gheall gur minic gan ach seirbhísí ar bheagán fiúntais ar fáil.

3.12. I gcuid de Chomharsanacht an Deiscirt, chuir tosca mar ghanntanas uisce agus easpa rochtana ar shláintíocht le tionchar na paindéime, go háirithe sna sraitheanna is imeallaí go sóisialta, i limistéir choinbhleachta agus i gcampaí dídeanaithe.

4. **Dúshláin agus deiseanna**

4.1. Faoi mar a léirigh Ardrúnaí an Aontais don Réigiún Meánmhuirí ([5]), tá an dul chun cinn socheacnamaíoch a tharla sa limistéir le blianta beaga anuas á chur i mbaol ag an ngéarchéim sláinte atá ann faoi láthair. Mar sin féin, is deis í an ghéarchéim chun an lánpháirtiú a neartú agus chun breis athléimneachta a chur sna geilleagair.

4.2. Is rímhór an tábhacht atá leis an tsochaí shibhialta sa réigiún Eora-Mheánmhara chun sochaí níos cothroime agus níos cuimsithí a thógáil tar éis na paindéime; ar an gcaoi chéanna, mar a léiríodh ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto ([6]), tá rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ríthábhachtach chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár agus chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme go héifeachtach.

4.3. Na bearta atá á ndéanamh i leith COVID-19, sin agus bearta gaolmhara, is bearta iad atá ag cur inbhuanaitheacht na sochaí sibhialta i mbaol. Tá deontais curtha ar fionraí ag rialtais agus ag deontóirí go leor, tá maoiniú reoite acu, agus tá cistí á n-atreorú acu chuig cistí fóirithinte COVID-19. An toradh atá air seo, is bagairt ar inbhuanaitheacht ESS atá ann, inbhuanaitheacht atá leochaileach cheana féin. Is bagairt é ar an bhfreastal ar na pobail freisin, agus bagairt ar phoist a lán oibrithe sa tsochaí shibhialta, cé gur an t-ionchas atá ann i leith ESSanna. Cuireann CESE i bhfios go bhfuil deontais eagraíochtúla inbhuanaitheachta agus cistiú tacaíochta lárnach ríthábhachtach ionas go gcuirfidh ESSanna iad féin in oiriúint do chásanna atá ag athrú go tapa agus chun leanúint d'oibríochtaí le linn géarchéimeanna.

4.4. Tá sé tugtha chun suntais ag CESE go bhfuil an Mheánmhuir ar cheann de na háiteanna is leochailí ar domhan ó thaobh thionchair an athraithe aeráide de. Rinne COVID-19 dochar don staid shóisialta agus don fhorbairt, rud a fhágann gur ábhar práinne é straitéisí forbartha inbhuanaithe agus straitéisí geilleagair ghlais a ghlacadh.

4.5. B'fhéidir gur deis atá i nglacadh pleananna téarnaimh i limistéar na Meánmhara le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil an réigiúin a áirithiú. Is ríthábhachtach an rud deiseanna forbartha a nascadh le cloí le prionsabail mar an dlúthpháirtíocht, comhrac an neamhionannais, sin agus cosaint agus urramú an smachta reachta. Is rud ríthábhachtach rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta má táthar chun na spriocanna uile a aimsiú.

4.6. Maidir le pleananna atógála iar-COVID-19 san am atá romhainn, mar aon leis an bhfás eacnamaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt dóibh i gComharsanacht an Deiscirt nuair a bheidh bearta á ndéanamh chun srian a chur ar fhadhbanna comhshaoil a eascraíonn as an athrú aeráide, as ganntanas uisce, as an tálún a bheith ag dul chun tirimeachta, agus as an truailliú. D'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag bearta caomhnaithe agus cosanta comhshaoil ar réigiún na Meánmhara ach breis éagsúlachta a chur sa gheilleagar agus poist ardcháilíochta a chruthú. Sa chomhthéacs sin, tarraingíonn CESE aird ar an acmhainneacht mhór atá ann don fhuinneamh in-athnuaite i dtíortha comhpháirtíochta an deiscirt (go háirithe fuinneamh na gréine agus fuinneamh na gaoithe), agus iarrann sé ar an Aontas gona Bhallstáit infheistíochtaí coiteanna níos inbhuanaithe a éileamh sa réimse sin.

4.7. Tá béim curtha ag CESE cheana féin ar an ngá atá le haistriú cóir a chur chun cinn i limistéar na Meánmhara, ar rud amháin chun sochair na sláinte, an oideachais agus na n-inscní. Chun téarnamh a áirithiú atá dírithe go héifeachtach ar phrionsabail an aistrithe agus na digiteála, beidh sé ríthábhachtach múscailt feasachta agus forbairt mheon na fiontraíochta agus scileanna digiteacha ar leith a chur chun cinn. Tacaíonn CESE leis an nglao ó thíortha comhpháirtíochta an deiscirt an tAontas gona Bhallstáit a bheith níos tiomanta i réimse an chomhair taighde agus forbartha sa Mheánmhuir

([5]) *UfM Foreign Affairs Ministers set priority areas for stronger cooperation and integration in the Euro-Mediterranean region* – an tAontas don Réigiún Meánmhuirí – UfM (ufmsecretariat.org).

([6]) https://www.2021portugal.eu/en/porto-social-summit/porto-social-commitment/.

4.8. Tá dlúthbhaint ag téarnamh Chomharsanacht an Deiscirt, i gcás ina mbeadh sciar mór fostaíochta sa gheilleagar neamhfhoirmiúil mar shaintréith aige, le samhail éifeachtach gairmoiliúna agus oideachais a fhorbairt. Is éard atá CESE a athdhearbhú gur gá scileanna gairmiúla a neartú, go háirithe scileanna na ndaoine óga agus na mban, ionas gur féidir iad a úsáid i suíomhanna náisiúnta agus trasnáisiúnta, mar chuid de chur chuige ciorclach smaointeoireachta. Tá ról tábhachtach ag ESSanna maidir le scileanna a neartú tríd an oideachas neamhfhoirmiúil freisin, ceardlanna agus oiliúint a eagrú agus an geilleagar sóisialta a chur chun cinn. Cuireann an Coiste béim freisin ar an ngá atá ann, faoi mar a léiríodh cheana in idirphlé réigiúnach an Aontais don Réigiún Meánmhuirí leis na comhpháirtithe sóisialta, *inter alia*, ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta, d'fhonn dul i ngleic leis an neamhréir idir soláthar agus éileamh ar mhargadh an tsaothair.

An Bhruiséil, an 24 Eanáir 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG